

Moltaí chun Ceisteanna Éifeachtacha Ilroghnacha a Scríobh

Seo daoibh roinnt moltaí chun ceisteanna éifeachtacha ilroghnacha a scríobh. Bainigí úsáid astu seo chun cur le bhur gcuid comhráite ar éifeachtacht na samplaí in bhur leabhrán acmhainní.

1. Ná tabhair uait aon leid faoin bhfreagra!

Déan cinnte nach bhfuil aon eolas agat sa cheist a chabhróidh le scoláire an freagra ceart a aimsiú. Mar an gcéanna, bí cúramach faoi leideanna sna freagraí, go háirithe leideanna gramadaí, a thiocfadh an freagra ceart a thaispeáint do scoláire.

2. Déan an fhadhb a shoiléiriú don scoláire agus déan cinnte go mbíonn na freagraí inchreidte.

Cuir an fhadhb i bhfréamh na ceiste sa dóigh go mbeidh nod soiléir ag an scoláire faoina bhfuiltear a iarraidh. Ná cuir isteach ach oiread freagraí amaideacha nó dochreidte – ní dhéanfadh sé sin ach scoláirí a spreagadh le dul trí na freagraí go dtiocfadh siad ar an gceann ceart. Bíodh na freagraí bainte le téama ar leith.

3. Bain úsáid as ceisteanna ilroghnacha mar cheisteanna diagnóiseacha

Is féidir ceisteanna ilroghnacha a úsáid chun míléamha nó míthuiscintí coitianta scoláirí a aithint. Má chuireann tú an freagra ceart i gcuideachta trí freagraí atá mícheart, agus ina léiríonn gach freagra mícheart meancóg nó míthuiscint ar leith, ansin beidh léargas luachmhar agat ar an gcúis a ndéanann do chuid scoláirí botún sa cheist.

4. Déan cinnte go mbíonn ábhar na ceiste agus an t-éileamh cognaíoch a roinneann léi ag teacht leis an bhfoghlaim a bhítear a thástáil.

Tá sé tábhacht an briathar gnímh a théann leis an TF/IF atá i gceist a sheiceáil. Ba chóir do cheist éifeachtach agus bhailí measúnú a dhéanamh ní hé go díreach ar an inneachar cuí ach ar an leibhéal cognaíoch cuí freisin. Ceangail le leibhéil chognaíocha níos airde trí ábhair spreagtha a úsáid cosúil le graif, léaráidí, nó suíomhanna neamhaithnide inar ghá do scoláirí an méid ata foghlamtha acu a úsáid.

Nuair a bheidh sibh réidh leis an bplé, téigí ar ais chuig an leabhrán agus leanaigí an chéad treoir eile.

Moltaí chun Ceisteanna le Críochnú Éifeachtacha a Scríobh

Seo daoibh roinnt moltaí chun ceisteanna le críochnú éifeachtacha a scríobh. Bainigí úsáid astu seo chun cur le bhur gcuid comhráite ar éifeachtacht na samplaí in bhur leabhrán acmhainní.

1. Ná fág a oiread focal as an ráiteas go gcailltear an chiall a bhítear ag iarraidh a chur trasna. Is féidir le barraíocht bearnaí scoláirí a chur trína chéile agus iad a chur a thriail buillí faoi thuairim gan chiall. Laghdaigh an líon bearnaí go focail thábhachtacha amháin é sin nó tabhair treoracha soiléire le go mbeidh comhthéacs leis an gceist.
2. Más féidir, cuir an bhearna ag deireadh ráitis seachas ag an tús. Nuair a chuirtear ceist sula dtuigeann an scoláire brí an ráitis is féidir go gcuirfí trína chéile é agus go mbeadh níos mó am léitheoireachta ag teastáil. Cabhraigh le próiseas smaointeoireachta do chuid scoláirí trí na bearnaí a chur i dtreo dheireadh na habairte.
3. Déan cinnte nach mbíonn ach aon fhreagra féideartha amháin ann! Seans nach bhfreagródh scoláirí an cheist an dóigh ar mhaith leat iad í a fhreagairt. Mar shampla, thiocfadh an cheist neamhéifeachtach i sampla 4 a fhreagairt le freagra acu seo a leanas – **rud annamh, míorúilt, ócáid scanrúil, srl.** Mar sin déan cinnte go scríobhann tú an cheist sa chaoi nach bhfuil ann ach freagra amháin a bhfuil ciall leis.
4. Seachain leideanna gramadaí a thabhairt leis an bhfreagra ceart. Má bhíonn ginideach i gceist roimh an mbearna, bain úsáid as an/na sa dóigh is nach léirítear don scoláire má tá an freagra ceart firinsneach nó baininsneach.

Nuair a bheidh sibh réidh leis an bplé, téigí ar ais chuig an leabhrán agus leanaigí an chéad treoir eile.

Moltaí chun Ceistanna Éifeachtacha Tacair Meaitseála a Scríobh

Seo daoibh roinnt moltaí chun ceistanna éifeachtacha tacair meaitseál a scríobh. Bainigí úsáid astu seo chun cur le bhur gcuid comhráite ar éifeachtacht na samplaí in bhur leabhrán acmhainní.

1. Úsáid inneachar aonchineálach i dtacar meaitseála.

Má bhíonn topaicí neamhábhartha le chéile sa tacar meaitseála céanna seans go mbeadh an phéireáil róshimplí. Chun nach n-úsáidfídh scoláirí próiseas cur as an áireamh le teacht ar na freagraí, coinnigh an t-inneachar dírithe ar thopaic nó ar shaincheist amháin.

2. Bain úsáid as líon corr rudaí le meaitseáil nó fág gur féidir freagraí a úsáid níos mó ná uair amháin.

Má bhíonn an líon céanna rudaí agat sa dá liosta, ansin is féidir an mhír dheireanach a fhreagairt trí phróiseas cur as an áireamh. Bain úsáid as líon difriúil rudaí chun an méid a thugtar buillí faoi thuairim agus a úsáidtear próiseas cur as an áireamh a laghdú. Beidh ar do scoláirí níos mó machnaimh a dhéanamh más bhíonn a fhios acu go mbeidh roinnt rudaí á n-úsáid níos mó ná uair amháin.

3. Bíodh cuir síos níos faide agat ar chlé agus freagraí níos giorra ar dheis.

Seachas tabhairt ar an scoláire léamh trína lán frásaí fada chun teacht ar mheaitseáil, níl orthu ach na frásaí gearra a léamh. Má laghdaítear an t-am léitheoireachta sa chaoi sin beidh sé ina chuidiú mór go háirithe ag scoláirí go bhfuil deacrachtaí léitheoireachta acu.

4. Cuir isteach treoracha soiléire a luann conas a dhéanfar na spreagthaí a mheaitseáil leis na freagraí.

Déan rudaí sothuigthe do do chuid scoláirí trí mhíniú a thabhairt cé acu is féidir freagra a úsáid níos mó ná uair amháin agus trí chur in iúl cén áit leis an bhfreagra a scríobh.

Nuair a bheidh sibh réidh leis an bplé, téigí ar ais chuig an leabhrán agus leanaigí an chéad treoir eile.

Moltaí chun Ceisteanna Freagraí Suibiachtúla Éifeachtacha a Scríobh

Seo daoibh roinnt moltaí chun ceisteanna freagraí suibiachtúla éifeachtacha a scríobh. Bainigí úsáid astu seo chun cur le bhur gcuid comhráite ar éifeachtacht na samplaí in bhur leabhrán acmhainní.

1. Déan cinnte de go mbíonn ábhar na ceiste agus an t-éileamh cognaíoch ag teacht leis an bhfoghlaim atá á tástáil.

Is den tábhacht an briathar gnímh a théann leis an TF/IF atá i gceist a sheiceáil. a chóir do cheist éifeachtach agus bhailí measúnú a dhéanamh ní hé go díreach ar an inneachar cuí ach ar an leibhéal cognaíoch cuí freisin.

2. Bain úsáid as noda nó as ábhar spreagthaigh chun ceangal le leibhéal chognaíocha foghlama níos airde. Nuair a úsáidtear ábhar spreagthaigh is féidir le scoláirí an méid a bhíonn foghlamtha acu a chur i bhfeidhm i suíomh nua nó smaoineamh ar eolas ar bhealach difriúil. De rogha air sin, tabhair roinnt eolas cúlra a chaithfidh siad a nascadh lena mbíonn ar eolas acu cheana.

3. Cuir le chéile scéim mharcála a théann le gach mír

Is cleachtas maith é a shocrú conas a dhéanfar na marcanna a leithdháileadh ar cheist, agus cén chuma a bheadh ar fhreagra inghlactha, **sula** dtosóidh tú ar an teist a mharcáil. Má bhíonn scéim mharcála in áit roimh ré, ba chóir go gcuirfí deireadh leis an tsuibiachtúlacht agus go mbeadh na ceisteanna níos bailí dá réir sin.

4. Déan an cheist agus cineál an fhreagra soiléir don scoláire

Mura dtugtar treoracha soiléire, seans go mbeadh an scoláire ábalta ciall a bhaint as a fhreagra ach nach é an rud é a bhí tú féin a iarraidh. Tá sé tábhachtach a thabhairt le fios do scoláirí cad é leis a bhfuil tú ag súil i bhfreagra.

Nuair a bheidh sibh réidh leis an bplé, téigí ar ais chuig an leabhrán agus leanaigí an chéad treoir eile.